C/2024/4365

4.7.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11406 – TOTALENERGIES / SSE / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/4365)

1. An 27 Meitheamh 2024 fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— TotalEnergies Marketing UK Ltd ('TEMUK', an Ríocht Aontaithe), faoi úinéireacht TotalEnergies Group (an Fhrainc),

— SSE Utility Solutions Ltd ('SSEUS', an Ríocht Aontaithe), faoi rialú SSE plc (an Ríocht Aontaithe),

— SSE DE EV Holdco Limited ('JV', an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh TEMUK agus SSEUS rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar an JV.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is eintiteas margaíochta agus oibrithe seirbhísí TotalEnergies Group sa Ríocht Aontaithe é TEMUK. Déanann sé bealaí, táirgí biotúmain agus tuaslagóirí bunaithe ar pheitriliam a mhonarú agus a dhíol sna hearnálacha iompair, tógála agus monaraíochta chomh maith le breoslaí eitlíochta a sholáthar d'aerfoirt ar fud na Ríochta Aontaithe,

— Soláthraíonn SSEUS réitigh nuálacha chun bonneagar fuinnimh a thógáil, a shealbhú, a oibriú agus a chothabháil sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, lena gcumhdaítear an earnáil phríobháideach agus an earnáil phoiblí araon ar fud margaí cónaithe, tráchtála agus tionsclaíocha,

— Infheisteoidh an JV i líonra stáisiún luchtaithe a chuirfidh luchtú fíorthapa ar fáil d'fheithiclí leictreacha mar aon le seirbhísí áise gaolmhara sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn, agus déanfaidh sé iad a thógáil, a shealbhú, a oibriú agus a bhainistiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11406 – TOTALENERGIES / SSE / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË